# Ráitis Chuntais na bPáirtithe Polaitíochta

# 2019

*Tuarascáil le haghaidh Chathaoireach Dáil Éireann de bhun ailt 88(1) den Acht Toghchán 1997, (leasú)*

Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission

**Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí**
**6 Ardán Phort an Iarla**
**Baile Átha Cliath 2**

**Teileafón: (01) 6395666**
**Ríomhphost: sipo@sipo.ie**
**Suíomh Gréasáin: www.sipo.ie**
**Twitter: @SIPOCIreland**

**Samhain 2020**

# Réamhrá

D’iarr an Coimisiún um Chaighdeáin orm an tuarascáil seo ar ráitis chuntais bhliantúla na bpáirtithe Polaitíochta do 2019 a chur faoi bhráid Cathaoirleach Dáil Éireann (Ceann Comhairle) agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir ailt 88 den Acht Toghchán 1997, (leasú).

San Acht Toghchán 1997, arna leasú ag an Acht Toghchán (an tAcht) 2012 (Leasú) (Cistiú Polaitíochta), déantar socrú maidir le cuntais na bpáirtithe polaitíochta a nochtadh. Déantar foráil freisin maidir le taifid chuntasaíochta a choimeád a fheidhmíonn mar bhonn faoi na cuntais seo.

- Éilíonn Alt 84 den Acht go n-ullmhóidh feidhmeannach ainmnithe den phairtí polaitíochta – an t-oifigeach cuí – na cuntais.
- Éilíonn Atl 86 go ndéanfaidh iniúchóir reachtúil na cuntais a iniúchadh.
- Éilíonn Alt 87 go gcuirfidh an toifigeach cuí na cuntais faoi bhráid Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (an Coimisiún) in éineacht le cóip de thuarascáil an iniúchóra, faoi 30 Meitheamh ar a dhéanaí sa bhliain i ndiaidh na bliana leis a mbaineann na cuntais.

Sherry Perreault
Ceannasaí Eitice and Rialála Brústocaireachta
Rúnaí an Choimisiún
Samhain 2020

# Caibidil 1 Réamhrá

San Acht Toghchán 1997, arna leasú ag an Acht Toghchán (an tAcht) 2012 (Leasú) (Cistiú Polaitíochta), déantar socrú maidir le cuntais na bpáirtithe polaitíochta a nochtadh. Déantar foráil freisin maidir le taifid chuntasaíochta a choimeád, a fheidhmíonn mar bhonn faoi na cuntais seo. Sa tuarascáil seo tá faisnéis maidir leis na cuntais do 2019 a nochtadh.

Éilíonn an tAcht go mbeidh na cuntais i gcomhréir leis na riachtanais ó thaobh foirme agus áhbar de mar atá leagtha síos sna treoirlínte atá eisithe ag an gCoimisiún.

De réir riachtanais an Achta, cuirfear cóip den tuarascáil seo faoi bhráid Chathaoirleach Dáil Éireann agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

# Caibidil 2 Cuntais curtha ar fáil ag páirtithe pholaitíochta

Bhí dhá pháirtí polaitíochta is fiche ar Chlár na bPáirtithe Polaitíochta in 2019.

## Treoirlínte do Pháirtithe Polaitíochta

D’fhoilsigh an Coimisiún treoirlínte athbhreithnithe, ar a dtugtar **Ráiteas Cuntais Bliantúil: Treoirlínte do Pháirtithe Polaitíochta** (na treoirlínte), in Iúil 2017 mar threoir phraiticiúil do pháirtithe polaitíochta maidir le freastal ar riachtanais an Achta.

## Athbhreithniú ar Ráitis Chuntais

Éilíodh ar na páirtithe a ráitis chuntais agus a dtuarascálacha iniúchóra a sholáthar don Choimisiún roimh 30 Meitheamh 2020.

Rinne an Coimisiún measúnú ar gach ceann de na ráitis nó na haighneachtaí a fuarthas, ag cur an Acht agus na treoirlínte san áireamh. Bhí roinnt de na ráitis i gcomhréir go hábhartha agus ní raibh gá iad a fhiosrú. Iarradh ar na páirtithe soiléiriú a sholáthar maidir le roinnt de na haighneachtaí a fuarthas agus tugadh deis do na páirtithe freagra a thabhairt. Sa chás go ndeachaigh na páirtithe i ngleic go sásúil leis na ceisteanna a ardaíodh, tá an Coimisiún den tuairim go bhfuil na páirtithe seo i gcomhréir go hábhartha leis an reachtaíocht agus leis na treoirlínte.

Meastar go bhfuil Ráitis Chuntais comhlíontach nuair a chomhlíonann an páirtí an reachtaíocht agus na treoirlínte, agus nuair a bhíonn freagairt shásúil tugtha acu ar aon cheist a bhí ag an gCoimisiún. Foilsítear ráitis chomhlíontacha ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

I dTábla 1 taispeántar toradh an athbhreithnithe a rinne an Coimisiún ar chomhlíontacht na bpáirtithe maidir le riachtanais an Achta.

## Tábla 1 – Comhlíonadh Páirtithe Polaitíochta cláraithe i gcomhréir le riachtanais an Achta Toghchán maidir le ráitis chuntais bhliantúla a nochtadh

| Staid na ráiteas cuntasaíochta 2019 | Ainm an pháirtí polaitíochta |
|---|---|
| **Comhlíontach** | Fianna Fáil |
| | Fine Gael |
| | Páirtí an Lucht Oibre |
| | An Comhaontas Glas |
| | Sinn Féin |
| | Comhaontas Neamhspleách Chiarraí |
| | Dlúthpháirtíocht/Pobal roimh Bhrabús |
| | Neamhspleáigh ar son an Athraithe |
| | Daonlathaithe Sóisialta |
| **Neamhchomhlíontach - cuntais neamhiniúchta curtha ar fáil** | Páirtí Cumannach na hÉireann |
| | An Grúpa Gníomhaíochta d'Oibrithe agus Daoine Dífhostaithe |
| | Daonlathas Duitse in Éirinn |
| | Éire Amach: Cumann na Saoirse |
| | Páirtí na nDaoine Aontaithe |
| | Comhaontas Dhínit an Duine |
| **Neamhchomhlíontach – Doiciméid/comhfhregras eile curtha ar fáil** | Fís Nua |
| | An Páirtí Daonlathach Éireannach |
| **Neamhchomhlíontach – ní bhfuarthas aon chuntais** | Aitheantas Éire |
| | Aontú |
| | An Páirtí Náisiúnta |
| | Renua Ireland |
| | Páirtí na nOibrithe |

## Ráitis Chuntais Neamhchomhlíontacha

Chuir na páirtithe a leanas ráitis ar fáil nár chomhlíon na treoirlínte:

- *Páirtí Cumannach na hÉireann*

  Ar an iomlán, leanann na ráitis airgeadais neamhshínithe an fhormáid atá leagtha síos sna treoirlínte. Ní dhearnadh iniúchadh orthu ná athbhreithniú mionsonraithe.

- *Daonlathas Duitse in Éirinn*

  Níl na ráitis airgeadais a cuireadh isteach, in éineacht le raiteas bainc, san fhormáid atá leagtha síos sna treoirlínte. Ní dhearnadh iniúchadh orthu ná athbhreithniú mionsonraithe.

- *Comhaontas Dhínit an Duine*

  Chuir an páirtí ráiteas ar fáil atá san fhormáid cheart. Léiríonn sé nach raibh aon idirbheart airgeadais ag an bpáirtí i rith na tréimhse. Ós rud é nach ndearnadh an ráiteas a iniúchadh, níl chomhlíonann sé an reachtaíocht.

- *Éire Amach: Cumann na Saoirse*

  Cuireadh isteach tacar de ráitis airgeadais. Ní dhearnadh iniúchadh orthu ná athbhreithniú mionsonraithe.

- *Páirtí na nDaoine Aontaithe*

  Cuireadh isteach ‘tacar de ráitis airgeadais’ neamhshínithe. Tá siad dátaithe an bhliain dar críoch 7 Lúnasa 2020. Sna ráitis airgeadais tá an teimpléad a chuir an Coimisiún ar fáil le téacs ann nár athraíodh (e.g. Nóta 25 ‘cuir isteach nóta cuntasaíochta caighdeánach’). Ní nochtann siad idirbheart airgeadais ar bith agus dúirt an páirtí nach raibh aon idirbheart airgeadais ann i rith na tréimhse.

- *An Grúpa Gníomhaíochta d’Oibrithe & Daoine Dífhostaithe*

  Cuireadh isteach ráiteas iomcaim agus caiteachais gan é a shíniú, in éineacht le ráitis bhainc. Ní hí seo an fhormáid cheart. Ní dhearnadh iniúchadh air ná athbhreithniú mionsonraithe.

Níor thug na páirtithe a leanas ráitis don Choimisiún ach chuaigh siad i mbun comhfhreagrais maidir leis an ráiteas cuntais.

- *Fís Nua*

  Dúrit an páirtí nach raibh aon ioncam ná chaiteachas aige sa bhliain 2019. Dúirt sé freisin nach ngearann sé táillí ballraíochta agus nach dtógann sé síntiúis pholaitíochta.

- *An Páirtí Daonlathach Éireannach*

Dúirt an pairtí nár tháinig aon athrú le roinnt blianta ar an méid atá aige ina chuntas (€22).

Faoi Alt 86(4) den Acht, tá sé faoi rogha an Choimisiúin iniúchóir reachtúil a cheapadh chun iniúchadh a dhéanamh ar aon chuntais nemhiniúchta.  Ós rud é gur bhain na cuntais neamhiniúchta le páirtithe nachbhfaigheann cistiú ón Státchiste faoin Acht Toghcháin, agus ag cur san áireamh an raibh sé chun tairbhe an phobail an hacmhainní riachtanacha a infheistiú ina leithéid d'iniúchadh, bheartaigh an Coimisiún gan iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis ábhartha.

Cé nach bhfuil siad i gcomhréir chun críocha an Achta, foilsíodh na cuntais a fuarthas ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

## Ní bhfuarthas aon Ráiteas Cuntais

Tá cúig pháirtí cláraithe nár thug aon ráiteas cuntais don Choimisiún agus ní chomhlíonann siad riachtanais na nAchtanna:

- Aontú
- Aitheantas Éire
- An Páirtí Náisiúnta
- Renua Éireann
- Páirtí na nOibrithe

## Barúlacha Ginearálta

I roinnt cásanna, bhí difríochtaí idir an t-eolas a cuireadh ar fáil sna ráitis airgeadais agus an t-eolas a iarradh sna treoirlínte agus sa teimpléad a bhí curtha ar fáil ag an gCoimisiún.

Cé nach rabhthas i gcomhréir go docht leis na treoirlínte, tríd is tríd chuaigh na páirtithe i ngleic leis na saincheisteanna seo ar an mbealach céanna is a bhí déanta acu sna blianta roimhe.

Ba iad na trí réimse inar aithníodh go raibh difríochta ábhartha iontu ná

- An ráiteas freagrachta
- Aitheantas ioncaim– táillí ballraíochta agus síntiúis
- Ráitis a shíniú agus a dhátú (an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, agus an an Ráiteas Sreabhaidh Airgid).

# Caibildil 3 Moltaí

Mar a nótáladh cheana, tháinig roinnt saincheisteanna chun cinn maidir le ráitis chuntais pháirtithe a sholáthar a bhféadfadh nach rabhthas ag súil leo nuair a bhí an reachtaíocht á dréachtú.

Tá roinnt páirtithe nach gcomhlíonann riachtanais an Achta agus na dtreoirlínte. Thuairiscigh roinnt de na páirtithe polaitíochta atá faoi réir an Achta nach raibh aon ioncam acu sa bhliain 2019. Ní fhaigheann na páirtithe polaitíochta seo aon chistiú ón Státchiste.

Mar a dúradh cheana, ta an Coimisiún den tuairim gur ceangaltas iomarcach é an ceangaltas a chuireann iallach ar gach páirtí polaitíochta cláraithe ráitis chuntais a thabhairt agus go mbeidís iniúchta ag iniúchóir reachtúil, beag beann ar mhéid an pháirtí agus beag beann ar an ioncam agus an caiteachas atá aige. Mar sin, déanann an Coimisiún an moladh arís go ndéanfaí athbhreithniú ar an reachtaíocht chun díolúine a thabhairt do pháirtithe beaga ón gceangaltas atá ann raitis chuntais iniúchta a thabhairt don Choimisiún. Mar shampla, d’fhéadfadh a bheith san áireamh anseo páirtithe nach bhfaigheann aon chistiú poiblí, nó iad siúd nach bhfaigheann ach leibhéal beag de shíntiúis phríobháiceacha. Tá an Coimisiún den tuairim go bhfuil sé ceart go gcuirfeadh gach páirtí polaitíochta atá cláraithe ráitis chuntais ar fáil, ach nach bhfuil aon ghá sna cúinsí sin go ndéanfaí iad a iniúchadh.

Tá an Coimisiún an-bhuartha, áfach, nár chomhlíon Renua, páirtí a fuair airgead poiblí faoin Acht, agus Aontú, páirtí a bhfuil ionadaíocht aige sa Dáil, nár chomhlíon siad a ndualgais reachtúla ráiteas cuntais a sholáthar don Choimisiún. Tá sé foráilte faoin Acht, má chliseann ar phairtí polaitíochta cláraithe ráiteas cuntais a sholáthar in éineacht le Tuarascáil Iniúchóra Reachtúla, ní bhfaighidh an páirtí sin tuilleadh cistithe ón Státchiste go dtí go bhfuil sé i gcomhréir lena ndualgais maidir leis seo.

Sa chás seo, ós rud é go raibh líon iomlán na vótaí céadrogha a fuair iarrthóirí Renua ag an olltoghchán i mí Feabhra 2020, scríofa mar chéatadán den líon iomlán vótaí céadrogha a fuair na hiarrthóirí go léir sa toghchán sin, níos lú ná dhá faoin gcéad, níl an páirtí ina pháirtí cáilíthe a thuilleadh agus níl aon íocaíochtaí eile le híoc leis. Lena chois sin, níor shroich líon iomlán na vótaí céadrogha a fuair iarrthóirí de chuid Aontú an tairseach thoghcháin agus ní páirtí cáilíthe a thuilleadh é.

Dá réir sin, ní feidir gníomhú in aghaidh Renua ná Aontú toisc nár chomhlíon siad a ndualgais ráiteas cuntais a chur isteach.

Tá aird á tarraingt arís ag an gCoimisiún ar cheangaltais a bhaineann le reachtaíocht eile maidir le tuarascálacha airgeadais nó ráitis chuntais a sholáthar agus go mbíonn neamhréir eatarthu. Bheadh sé úsáideach na riachtanais thuairiscithe a chomhdhlúthú nó ar a laghad a réitiú mar a bhaineann siad le gach reactaíocht a dhéanann socrú i leith cistiú stáit do pháirtithe polaitíochta, rud a éascódh cúrsaí riaracháin agus comhleanúnachas reachtaíochta.

## Caibidil 4 Foilsiú Doiciméad Reachtúil

De réir ailt 90 den Acht, chomh luath agus is féidir, tar éis an ráiteas cuntais bhliantúil agus tuarascáil an iniúchóra a fháil de bhun ailt 87, cuirfidh an Coimisiún cóip den ráiteas agus den tuarascáil ar fáil don phobal le haghaidh scrúdaithe, saor in aisce, ina phríomhoifig ag 6 Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2, D02 W773, le linn na ngnáthuaireanta oibre, agus ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin ar www.sipo.ie.

Tá gach ráiteas agus tuarascáil a fhaightear foilsithe ar an suíomh gréasáin – www.sipo.ie

I bhfianaise na paindéime COVID-19 faoi láthair, ní féidir dul isteach in oifigí an Choimisiúin. Mar sin, ní féidir scrúdú poiblí a chur ar fáil. Is féidir cóipeanna a chur ar fáil má chuirtear iarratas isteach go dtí an Coimisiún le ríomhphost chuig info@sipo.ie nó trí ghlaoch a chur ar (01) 639-5666.